**AN tAONTAS EORPACH**

**PARLAIMINT NA hEORPA** | **AN CHOMHAIRLE**

**Strasbourg, 25 Márta 2019**
**(OR. en)**

**2018/0435 (COD)**
**LEX 1884**

**PE-CONS 23/1/19**
**REV 1**

**COMER 19**
**CFSP/PESC 91**
**CONOP 12**
**ECO 19**
**UD 39**
**ATO 16**
**COARM 25**
**PREP-BXT 43**
**CODEC 300**

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE LENA LEASAÍTEAR RIALACHÁN (CE) UIMH. 428/2009 ÓN gCOMHAIRLE TRÍ ÚDARÚ GINEARÁLTA ONNMHAIRIÚCHÁIN ÓN AONTAS A DHEONÚ I gCOMHAIR ONNMHAIRIÚ EARRAÍ DÉ-ÚSÁIDE ÁIRITHE ÓN AONTAS CHUIG AN RÍOCHT AONTAITHE

**RIALACHÁN (AE) 2019/…**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 25 Márta 2019**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle**
**trí údarú ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas a dheonú**
**i gcomhair onnmhairiú earraí dé-úsáide áirithe ón Aontas chuig an Ríocht Aontaithe**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[1],

---

[1] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Márta 2019 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 19 Márta 2019.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 29 Márta 2017, thíolaic an Ríocht Aontaithe an fógra á rá go raibh sé ar intinn aici tarraingt siar as an Aontas de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). Scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe ó dháta teacht i bhfeidhm comhaontaithe um tharraingt siar nó, ina éagmais sin, dhá bhliain tar éis an fhógra sin, i.e. ón 30 Márta 2019, mura rud é go gcinneann an Chomhairle Eorpach d'aon toil, i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe, an tréimhse sin a fhadú.

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009ón gComhairle[1], bunaítear córas comhchoiteann chun onnmhairiú earraí dé-úsáide a rialú, córas atá riachtanach chun slándáil an Aontais agus an tslándáil idirnáisiúnta a chur chun cinn agus chun cothrom iomaíochta a thabhairt d'onnmhaireoirí de chuid an Aontais.

(3) Le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009, déantar foráil maidir le "údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas" lena n-éascaítear na rialuithe ar onnmhairiú ar riosca íseal earraí dé-úsáide chuig tríú tíortha áirithe. Faoi láthair, faoi údarú ginearálta onnmhairiúcháin Uimh. EU001 ón Aontas a leagtar amach in Iarscríbhinn IIa a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009, cumhdaítear an Astráil, Ceanada, an tSeapáin, an Nua-Shéalainn, an Iorua, an Eilvéis, lena n-áirítear Lichtinstéin, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá.

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009 lena mbunaítear córas Comhphobail chun onnmhairí, aistriú, bróicéireacht agus iompar earraí dé-úsáide idir dhá áit a rialú (IO L 134, 29.5.2009, lch. 1).

(4) Tá an Ríocht Aontaithe ina páirtí sna conarthaí idirnáisiúnta ábhartha, tá sí ina comhalta de chórais idirnáisiúnta neamhiomadaithe, cloíonn sí le comhlíonadh iomlán ar na hoibleagáidí gaolmhara agus ar na gealltanais ghaolmhara. Cuireann an Ríocht Aontaithe rialuithe comhréireacha leordhóthanacha i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar ghnéithe d'úsáidí deiridh atá beartaithe agus den bhaol atreoraithe atá ann, i gcomhréir le forálacha agus cuspóirí Rialachán (CE) Uimh. 428/2009.

(5) Ós tábhachtach an ceann scríbe atá sa Ríocht Aontaithe i gcomhair earraí dé-úsáide a tháirgtear san Aontas, is iomchuí an Ríocht Aontaithe a chur ar liosta na gceann scríbe a chumhdaítear faoi údarú ginearálta onnmhairiúcháin Uimh. EU001 ón Aontas chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach agus comhsheasmhach na rialuithe a áirithiú ar fud an Aontais, chun cothrom na hiomaíochta a chur chun cinn le haghaidh onnmhaireoirí an Aontais, chun ualach riaracháin neamhriachtanach a sheachaint, agus slándáil an Aontais agus an tslándáil idirnáisiúnta á gcosaint ag an am céanna.

(6) Mar gheall ar an bpráinn atá ag roinnt le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas, ní mór gurbh fhéidir an Rialachán seo a chur i bhfeidhm go pras maidir leis an Ríocht Aontaithe a thabhairt san áireamh in údarú ginearálta onnmhairiúcháin Uimh. EU001 ón Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(7) Níor cheart an Ríocht Aontaithe a chur le liosta na gceann scríbe a chumhdaítear faoi údarú ginearálta onnmhairiúcháin Uimh. EU001 ón Aontas ach amháin i gcás nach mbeidh comhaontú um tharraingt siar ar bith a thabharfar i gcrích leis an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le Airteagal 50(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach tagtha i bhfeidhm faoin dáta ar a scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe de bhun Airteagal 50(3) CAE,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn IIa a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil "Onnmhairí chuig an Astráil, Ceanada, an tSeapáin, an Nua-Shéalainn, an Iorua, an Eilvéis, lena n-áirítear Lichtinstéin, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá":

"Onnmhairí chuig an Astráil, chuig Ceanada, chuig an tSeapáin, chuig an Nua-Shéalainn, chuig an Iorua, chuig an Eilvéis, lena n-áirítear Lichtinstéin, chuig Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, agus chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá";

(b) i gCuid 2, cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i ndiaidh na fleisce "- an Eilvéis, lena n-áirítear Lichtinstéin":

"– Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann".

*Airteagal 2*

*Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón lá tar éis an lae a scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe de bhun Airteagal 50(3) CAE.

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo má tá comhaontú um tharraingt siar a tugadh i gcrích leis an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 50(2) CAE tagtha i bhfeidhm faoin dáta faoin dáta dá dtagraítear sa dara mír den Airteagal seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus é infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*